II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/1985 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Samhain 2021**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle ([2]) tugtar éifeacht do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle agus déantar foráil leis go sonrach do chistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine, eintiteas agus comhlachtaí a chalcadh, ar daoine, entitis nó comhachtaí iad atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, nó a ndéanann a ngníomhaíochtaí dochar tromchúiseach ar bhealach eile don daonlathas nó don smacht reachta sa Bhealarúis nó a thairbhíonn de réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis, agus toirmisctear leis cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin.

(2) An 15 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1990 ([3]) lena dtugtar isteach critéar breise ainmniúcháin le go bhféadfar bearta sriantacha spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a eagraíonn nó a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí de chuid réimeas Lukashenka lena n-éascaítear trasnú theorainneacha seachtracha an Aontais go neamhdhleathach nó aistriú earraí toirmiscthe agus aistriú earraí srianta go neamhdhleathach, lena n-áirítear earraí guaiseacha, isteach i gcríoch an Aontais.

(3) Is gá an leasú sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 chun go bhféadfar an toirmeasc a chur chun feidhme i gceart agus go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 maidir le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/1990 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (Féach leathanach 10 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“6. Beidh Iarscríbhinn I comhdhéanta den liosta seo a leanas freisin:

(a) na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a shainaithníonn an Chomhairle ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (c), de Chinneadh 2012/642/CBES, go n-eagraíonn siad nó go rannchuidíonn siad le gníomhaíochtaí de chuid réimeas Lukashenka a éascaíonn an méid seo a leanas:

(i) trasnú theorainneacha seachtracha an Aontais go neamhdhleathach; nó

(ii) aistriú earraí toirmiscthe agus aistriú earraí srianta go neamhdhleathach, lena n-áirítear earraí guaiseacha, isteach i gcríoch an Aontais; agus

(b) na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna sainaithint ag an gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (d), de Chinneadh 2012/642/CBES, mar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó chomhlachtaí atá ar úinéireacht nó faoi rialú ag daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a).”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES